

SIAMSÁN SA MBAILE!

Ball éadaigh a dhathú sa stíl 'ceangail is dathaigh' nó tie-dye

Beidh an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil feasta. 'Éadaí' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Lean na céimeanna thíos chun éadaí den stíl 'ceangail is dathaigh' nó tie-dye a chruthú. Is féidir do rogha ball éadaigh a mhaisiú msh stoca, t-léine, luiteoga, banda gruaige srl. Bíonn toradh níos fearr le feiceáil nuair a úsáidtear éadach bán.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr den bhall éadaigh a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an Luan an 4 Bealtaine mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhan €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Céim 1: Cuir píosa éadaigh ar bogadh i bhfínéagar.

Faigh mias mhór agus leag an ball éadaigh a bheidh á dhathú agat síos inti. Líon an mhias le huisce agus fínéagar, ag úsáid páirt uisce le páirt amháin fínéagair (an méid céanna uisce agus fínéagar). Lean ort go mbeidh an t-éadach ar fad clúdaithe. Fág an ball éadaigh ar bogadh ar feadh uair an chloig.

Céim 2: Roghnaigh an dearadh/stíl agus na dathanna.

Ceangail bandaí leaisteacha timpeall ar an éadach le patrún a chruthú. Crap an t-éadach isteach ina chéile chun filltíní a chruthú. Cuirfidh sé seo le héifeacht an dathúcháin.

Céim 3: Cruthaigh an dath ag úsáid dathúchán bia

Úsáid buidéil a bhfuil claibíní orthu chun dath an tie-dye a mheascadh. Líon buidéal le leath cupán uisce agus thart ar 8 mbraon dathúchán bia chun dath an tie-dye a chruthú. Úsáid buidéil éagsúla le haghaidh gach dath. Bí cúramach le do rogha dathanna, ná húsáid níos mó na ceithre dhath do bhall éadaigh mór (t-léine mar shampla) nó dhá dhath do bhall éadaigh beag (stocaí nó a leithéid).

Céim 4: Cuimil an dath den éadach

Doirt an dath díreach ar an éadach, isteach sna filltíní ar a bhfuil na bandaí leaisteacha ceangailte más féidir. Doirt go leor den dath ar an éadach agus cuimil isteach go maith é. Déan cinnte nach meascann tú na dathanna le chéile nuair atá siad á gcur ar an éadach agat.

Cuir an t-éadach isteach i mála reoiteora agus fág go leataobh é ar feadh 8 n-uair an chloig nó thar oíche, go dtriomóidh an dath agus go súfaidh sé isteach go hiomlán san éadach.

Céim 5: Breathnaigh ar do dhearadh!

Cuir ort péire miotóg ar fhaitíos go bhfaighfeá dath ar do chuid lámha. Tóg amach d'éadach as an mála reoiteora. Bain de na bandaí leaisteacha. Tum an t-éadach i mbáisín uisce fuar cúpla uair go dtí n-imeoidh an dath ar fad den uisce.

Nóta: Ní mhaireann dathúchán bia chomh fada le dath ceart d'éadaí.

Níor chóir é a níochán le héadaí eile ar fhaitíos go dtréigfeadh an dath arís.

Céim 6: Croch amach faoin aer é go dtriomóidh sé go hiomlán.

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Seolfar na duaiseanna amach sa phost tar éis an 29 Márta. Beifear i dteagmháil tríd an seoladh ríomhphoist sa chás is go dtiocfaidh aon athrú ar an dáta seo. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc^{ie}



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta